RTÉ

# RTÉ agus Cúrsaí Aeráide

## 2023–2025



# Clár ábhair


**RTÉ agus Inbhuanaitheacht Chomhshaoil**

| | |
|---|---|
| Réamhrá le Dee Forbes, Príomh-Stiúrthóir RTÉ | 4 |
| Cáilíochtaí Inbhuanaitheachta RTÉ | 6 |
| Éachtaí Inbhuanaitheachta Comhshaoil RTÉ | 7 |
| An Ghéarchéim Aeráide | 8 |
| Ról na Meán maidir le Gníomhú ar son na hAeráide | 9 |

**Rialachas agus Ceannaireacht RTÉ maidir le Gníomhú ar son na hAeráide**

| | |
|---|---|
| Struchtúr Rialachais maidir leis an Aeráid agus an Inbhuanaitheacht | 12 |
| Grúpa Craoltóirí Glasa RTÉ | 12 |
| Eolas a thabhairt d'fhostaithe agus iad a bheith páirteach | 13 |
| Léargas ar Thuairisciú Airgeadais agus Feidhmíochta | 13 |

**Astaíochtaí a Thomhas agus a Laghdú**

| | |
|---|---|
| Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021: laghdú 51% ar astaíochtaí faoi 2030 don Earnáil Phoiblí | 16 |
| Astaíochtaí RTÉ maidir le hÍdiú Fuinnimh | 16 |
| Tionscnaimh le déanaí ar Bhainistíocht Fuinnimh | 18 |
| Iompar | 19 |
| Gealltanas Ísealcharbóin | 20 |
| Spriocanna Eolaíochtbhunaithe a Shocrú | 20 |

**Pleanáil agus Infheistiú le haghaidh Todhchaí Níos Inbhuanaithe**

| | |
|---|---|
| Straitéis Teicneolaíochta RTÉ atá dírithe ar an Inbhuanaitheacht | 24 |
| Tosaíochtaí Inbhuanaitheachta don Teicneolaíocht & Oibríochtaí | 25 |
| An Geilleagar Ciorclach agus Soláthar Glas | 26 |
| Bainistiú Dramhaíola | 27 |
| Seiteanna Fíorúla agus Cosc ar Dhramhaíl | 28 |
| Fair City: Digitiú a Fhiosrú | 30 |
| Deimhniúchán Albert maidir le Léiriú Inbhuanaithe | 31 |

**Ábhar ar chúrsaí Aeráide agus Inbhuanaitheachta RTÉ**

| | |
|---|---|
| Ar an teilifís agus ar RTÉ Player | 35 |
| Ar RTÉ.IE | 39 |
| Ar an Raidió agus podchraoltaí | 40 |
| 2023 agus ina dhiaidh sin | 41 |

| | |
|---|---|
| Aguisíní | 44 |

# RTÉ agus Inbhuanaitheacht Chomhshaoil





# Réamhrá le Dee Forbes, Príomh-Stiúrthóir RTÉ

Agus é mar phríomheagraíocht meán seirbhíse poiblí na hÉireann, tá ról ríthábhachtach, a bhfuil daoine ag brath air, ag RTÉ maidir leis an lucht féachana agus éisteachta a chur ar an eolas i dtaca le príomhcheisteanna agus díospóireacht náisiúnta a mhúnlú. Tá an t-athrú aeráide anois ar cheann de na hábhair imní sin. I bhfianaise na práinne a bhaineann le dul i ngleic leis an athrú aeráide, táimid in RTÉ aireach ar an ngá atá le níos mó a dhéanamh, tionchar dearfach a bheith againn ar chúrsaí, ní hamháin laistigh dár dtionscal féin, ach ar fud na hearnála poiblí freisin agus ar fud shochaí na hÉireann trí chéile.

Tá RTÉ ag obair go dian le blianta beaga anuas chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú sna hoibríochtaí, chun cláracha níos inbhuanaithe a chruthú agus chun meascán maith de chláracha agus d'ábhar tarraingteach agus faisnéiseach ar chúrsaí athraithe aeráide a chur ar fáil ar fud ár seirbhísí teilifíse, raidió agus ar líne, agus muid ag díriú ar lucht féachana níos óige den chuid is mó. Feictear roinnt torthaí suntasacha, go háirithe le dhá bhliain anuas.



## In 2021, ba é RTÉ an chéad chraoltóir in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe chun deimhniú idirnáisiúnta ISO 50001 a bhaint amach i dtaca le bainistíocht fuinnimh.

Tugann an t-éacht tábhachtach sin aitheantas d'iarrachtaí RTÉ bainistíocht fuinnimh a thabhairt isteach inár n-oibríochtaí foriomlána agus éifeachtúlacht níos fearr a thiomáint. Tá foireann thiomanta ag obair i gcomhpháirtíocht le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) le blianta fada chun caighdeáin dea-chleachtais i mbainistíocht fuinnimh a chur i bhfeidhm.

## Bronnadh deimhniúchán Albert ar roinnt cláracha de chuid RTÉ maidir le léiriúcháin inbhuanaithe.

Ina measc tá *Prime Time*, *Today*, réimse cláracha spóirt agus cláracha Gaeilge agus *The Late Late Show*. Ceann de na buntáistí a bhaineann le deimhniúchán Albert is ea gur féidir le cláracha deimhnithe lógó léiriúcháin inbhuanaithe Albert a úsáid ar na teidil chreidiúna dheiridh. Ciallaíonn na deimhniúcháin sin go bhfuil go leor rudaí á ndéanamh againn chun cabhrú leis an bpláinéad, go bhfuilimid ag glacadh go han-dáiríre leis an inbhuanaitheacht ar fud na heagraíochta - trí sholáthar, ídiú fuinnimh ar an láthair, an chaoi a n-oibrímid ár stiúideonna agus ár gcuid foirgneamh, agus an chaoi a n-úsáidimid córais iompair.

## Déantar clúdach ar athrú aeráide agus saincheisteanna comhshaoil a leabú i Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ

Is léir é sin ón leibhéal tuairiscithe ó chruinniú mullaigh COP27 maidir le cúrsaí aeráide in Sharm el-Sheikh san Éigipt a rinne ár gComhfhreagraí Comhshaoil agus Eolaíochta, George Lee. Cuimsíonn ár láithreán gréasáin RTE.ie/climate tuarascálacha nuachta, gearrthóga, ailt agus píosaí tuairimíochta, chomh maith le rannóg a dhíríonn ar dhearcadh na hEorpa trí chomhpháirtíocht RTÉ le hAontas Craolacháin na hEorpa. Idir Márta 2021 agus Márta 2022, foilsíodh níos mó ná 560 alt faoin athrú aeráide ar rte.ie agus d'fhéach beagnach 17.5 milliún duine air.

## Bíonn cláracha agus ábhar ar athrú aeráide á bplé i gcónaí ar fud sheirbhísí teilifíse agus raidió RTÉ agus ar líne.

Feictear a leithéid ar shraitheanna arís is arís eile, cláracha faisnéise tábhachtacha, podchraoltaí téamacha agus cláracha speisialta raidió. Is ábhar bróid é an méid acu sin a léiríodh - Seachtain na hEolaíochta ar RTÉ agus sraith seachtaine speisialta Nature Nights ar RTÉ Radio 1 le déanaí, an tsraith cheannródaíoch, *What Planet Are You On?* agus an podchraoladh *Ecolution,* a bhuaigh duaiseanna agus atá dírithe ar pháistí atá ag iarraidh difríocht a dhéanamh i dtaca le cúrsaí aeráide.

Fós féin, i bhfianaise scála agus phráinn na ndúshlán atá romhainn, ní mór dúinn iarracht a dhéanamh tabhairt faoi níos mó. Cé go mbíonn sé dúshlánach do RTÉ pleanáil amach anseo de bharr cúrsaí airgeadais a bhíonn ag athrú i rith an ama, tuigimid go bhfuil freagracht orainn gach rud is féidir a dhéanamh chun tuiscint an phobail ar na saincheisteanna a fhorbairt agus chun aitheantas a thabhairt don ghá atá le gníomh práinneach agus chun cabhrú le hathrú fiúntach a dhéanamh.

**Dee Forbes**
Príomh-Stiúrthóir RTÉ

# Cáilíochtaí Inbhuanaitheachta RTÉ

**Baineann 92% den daonra** úsáid as ceann amháin nó níos mó de sheirbhísí RTÉ gach seachtain.[1]

Is é RTÉ an eagraíocht nuachta is iontaofa sa tír agus tá **muinín ag 78% den phobal as ár seirbhísí**, de réir Thuarascáil Nuacht Dhigiteach Reuter 2021.

Tá RTÉ ar cheann de 60 eagraíocht sa tír **a bhain amach Marc maidir le hObair go Freagrach de chuid Ghnó sa Phobal** – an príomhchaighdeán iniúchta neamhspleách maidir le Freagracht Shóisialta Chorparáideach (CSR) agus inbhuanaitheacht in Éirinn.

Tá RTÉ ar cheann de 71 comhlacht in Éirinn **a thug faoi Ghealltanas Ísealcharbóin sa Phobal**. Ciallaíonn sé sin go mbeidh spriocanna eolaíochtbhunaithe á leagan síos againn agus go ndéanfar tomhas bliantúil i gcomparáid le hastaíochtaí Scóip 1, 2 agus 3.

Bhuaigh RTÉ **Gradaim Pakman**, príomhghradaim Náisiúnta Chomhshaol na hÉireann a thugann aitheantas do shármhaitheas in athchúrsáil agus i mbainistiú dramhaíola in Éirinn.

Is **sínitheoir é RTÉ le Treochlár Inbhuanaitheachta Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI)**, atá tiomanta d'oibriú ar fud na hearnála chun ceannaireacht a chur in iúl agus a léiriú i ndea-chleachtas comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíoch.

I gcomhréir le huaillmhianta Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, tá RTÉ **tiomanta don leibhéal is airde laghdaithe fuinnimh agus inbhuanaitheachta**, agus gníomhú go freagrach chun dul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide.

1 Weekly reach for all RTÉ services, among adults 18+ in calendar year 2021 was 92%. Source: Red C Brand Tracker, for RTÉ.

# Éachtaí Inbhuanaitheachta Comhshaoil RTÉ

## 2021

**ISO 50001**
Tháinig caighdeán RTÉ  le caighdeán ISO 50001

**Gradaim Pakman**
Iomaitheoir sa Bhabhta Ceannais – Gradam Gnó um Chosc Dramhaíola

## 2020

**Marc maidir le hObair Go Freagrach de chuid Ghnó sa Phobal**
D'éirigh le RTÉ an Marc a fháil arís, ceann de 60 comhlacht sa tír ar bronnadh an caighdeán sin air.

## 2019

**Gradaim Phobal agus Chomhairle Contae na hÉireann**
Iomaitheoir sa Bhabhta Ceannais – An Clár Bainistíochta Dramhaíola is Fearr

**Gradaim Pakman**
Buaiteoir – Cosantóir Athchúrsála

## 2018

**Gradaim Pakman**
Iomaitheoir sa Bhabhta Ceannais – Gradam Seirbhísí Gairmiúla
Iomaitheoir sa Bhabhta Ceannais – Gradam um Chosc Dramhaíola

## 2017

**Marc maidir le Gnó Ag Obair Go Freagrach**
Tar éis iniúchadh neamhspleách – bhronn RTÉ an creidiúnú mór le rá seo

**Gradaim Ghlasa**
Babhta Ceannais – Eagraíocht Ghlas Sheirbhísí Poiblí na Bliana
Babhta Ceannais – Eagraíocht Mhór Ghlas na Bliana
Babhta Ceannais – Foireann Inbhuanaitheachta na Bliana

**Gradaim Bainistíochta Saoráidí**
Babhta Ceannais - Barr Feabhais san Inbhuanaitheacht

**Gradaim Pakman**
Buaiteoir an Chomórtais Uile
Buaiteoir – Gradam na Seirbhísí Gairmiúla
Babhta Ceannais – Bainistíocht Dramhbhia

## 2016

**Gradaim Pakman**
Iomaitheoir sa Bhabhta Ceannais – Gradam Seirbhísí Gairmiúla

ENERGY
I.S. EN ISO 50001:2018
NSAI Certified

# An Ghéarchéim Aeráide

Tá teochtaí an domhain ag ardú mar gheall ar ghníomhaíocht an duine, agus tá tionchar anois ag an athrú aeráide ar gach gné de shaol an duine.

Mura ndéanfar aon athrú, tarlóidh téamh tubaisteach a mbeidh tionchar aige ar an duine agus ar an dúlra, beidh triomach ag dul in olcas, beidh ardú níos mó ar leibhéal na farraige agus beidh tuilleadh speiceas i mbaol a ndíothaithe.

Bíonn tionchar ag athrú aeráide ar gach duine, i ngach áit.




**“Más féidir linn ár n-astaíochtaí $CO_2$ & gás ceaptha teasa a laghdú go mór agus go tapa, d'fhéadfaí teorainn a chur le tionchar an téimh dhomhanda.”**

**IPCC’s Piers Forster**

## Ról na Meán maidir le Gníomhú ar son na hAeráide

**Is fíric é: múnlaíonn na meáin an dioscúrsa poiblí maidir le hathrú aeráide agus conas freagra a thabhairt air. Thug Painéal Idir-Rialtasach Saineolaithe na Náisiún Aontaithe maidir le hAthrú Aeráide (IPCC) rabhadh soiléir faoi sin den chéad uair sa tsraith tuarascálacha is déanaí dá chuid.**

AMar a léirigh tuarascáil an IPCC, tá ról ag earnáil na meán maidir le tuiscint an phobail a fhorbairt; "Is féidir leis an gcumhacht "mhúnlaithe" seo tacaíocht an phobail a fhorbairt chun dlús a chur leis an maolú aeráide – na hiarrachtaí chun astaíochtaí gás ceaptha teasa atá ag téamh an phláinéid a laghdú nó a chosc – ach is féidir é a úsáid freisin chun a mhalairt a dhéanamh."

Cuireann sé seo an-fhreagracht ar chomhlachtaí meán cumarsáide agus ar iriseoirí.

Cuirtear plean mionsonraithe ar fáil i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 na hÉireann chun gníomh cinntitheach a dhéanamh chun laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa foriomlána a bhaint amach faoi 2030 agus chun muid a chur sa treo ceart chun astaíocht neodrach a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050, mar a leagtar amach san Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide 2021.

Mar a leagtar amach sa Phlean náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide, beidh dea-shampla ag an earnáil phoiblí, rud a spreagfaidh an gníomhú riachtanach ar son na haeráide sa tsochaí i gcoitinne chun astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) na hÉireann a laghdú 51% faoi 2030, agus chun bheith neodrach ó thaobh na haeráide tráth nach déanaí ná 2050.

Mar chuid den fhreagracht sin, ba cheart don earnáil phoiblí 'gníomhaíocht a spreagadh agus a chur chun cinn ar fud na sochaí i gcoitinne'. Chomh maith lena bhearta féin um ghníomhú ar son na haeráide, glacfaidh RTÉ lena ról maidir le heolas a thabhairt don phobal agus iad a bheith páirteach sa chás freisin.

> **"Táimid ag dul isteach sna deich mbliana is tábhachtaí ón uair a tháinig ann don duine. Faoi dheireadh na '20í beidh caighdeán na beatha ar an bpláinéad seo don todhchaí socraithe againn den chuid is mó. Ní raibh gá chomh mór riamh is atá anois le sárchumhacht na gcomhlachtaí meán cumarsáide. Tá sé in am leas a bhaint as anois."**

# Ceannaireacht agus Rialachas maidir le Gníomhú RTÉ ar son na hAeráid






# Struchtúr Rialachais maidir leis an Aeráid agus an Inbhuanaitheacht

Beidh RTÉ ag tiomáint feidhmíochta maidir le gníomhú ar son na haeráide ó na leibhéil bhainistíochta is sinsearaí. Déanfaidh Bord RTÉ athbhreithniú rialta ar spriocanna agus ar dhul chun cinn, agus cinnteoidh Stiúrthóir Oibríochtaí RTÉ go mbeidh Bord Feidhmiúcháin na heagraíochta páirteach i bpríomhchinntí agus infheistíochtaí straitéiseacha agus go bhfuil baint acu leo de réir mar is gá.

---

## Struchtúr Rialachais maidir leis an Aeráid agus an Inbhuanaitheacht RTÉ




* Is é Richard Waghorn, Stiúrthóir Oibríochtaí, Cosantóir Aeráide agus Inbhuanaitheachta RTÉ ag leibhéal an Bhoird Feidhmiúcháin.

## Grúpa Craoltóirí Glasa RTÉ

D'fhonn feabhsuithe leanúnacha ar fheidhmíocht chomhshaoil a bhrú chun cinn, bhunaigh RTÉ Grúpa Craoltóirí Glasa – grúpa comhghleacaithe ó gach cuid den eagraíocht (lena n-áirítear airgeadas, gnóthaí poiblí, cumarsáid, soláthar, oibríochtaí, teicneolaíocht agus eagarthóireacht) agus gníomhaireachtaí seachtracha (amhail an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil) agus comhpháirtithe seachtracha (amhail Greenstar). Áirítear le réimse fócais an ghrúpa ídiú fuinnimh, bainistiú agus cosc dramhaíola, caomhnú uisce, bithéagsúlacht agus cosc ar thruailliú. Cabhraíonn an grúpa le spriocanna a leagan síos agus pleanáil a dhéanamh de réir na gcaighdeán is airde is féidir, agus treisíonn sé tacaíocht sheachtrach nó daingniú seachtrach nuair is cuí.

Tá RTÉ ag súil go ndéanfar dul chun cinn suntasach maidir le feidhmiú céimneach na heagraíochta, agus comhoibriú na heagraíochta san earnáil craolacháin i mbliana.

**Cuireann Grúpa Craoltóirí Glasa RTÉ cur chuige comhtháite agus straitéiseach chun cinn maidir le bainistíocht chomhshaoil agus fuinnimh ar fud an ghnó, inár gcur chuige i leith léiriúcháin, agus i ngach oibríocht.**

## Eolas a thabhairt d'fhostaithe agus iad a bheith páirteach


Tá RTÉ tiomanta don leibhéal is airde laghdaithe fuinnimh agus inbhuanaitheachta, i mbainistiú an bhonneagair reatha agus i bhforbairt bonneagair nua araon.
Is gnéithe lárnacha sa tiomantas sin iad cumarsáid a dhéanamh leis na fostaithe agus iad a chur ar an eolas faoi iarrachtaí agus iad a spreagadh a gcion féin a dhéanamh chun cabhrú lenár dtomhaltas fuinnimh a laghdú.

- Ríomhphoist uile-foirne ón bPríomh-Stiúrthóir agus ó bhaill eile d'fheidhmeannas RTÉ.
- Cuimsíonn inlíon RTÉ nuacht agus nuashonruithe ó gach cuid den eagraíocht agus déantar é a nuashonrú gach lá agus foilsítear na scéalta is suntasaí sa timpeallán spotsolais freisin, áit a bhfanann siad a fhad agus a bhaineann siad le hábhar.
- Suíomh SharePoint na foirne fuinnimh áit a gcuireann an fhoireann a gcuid smaointe maidir le laghdú fuinnimh
- Imeachtaí foirne - i láthair go pearsanta agus go fíorúil trí Teams
- Seisiúin faisnéise foirne - duine le duine agus fíorúil araon, trí Teams
- Comharthaíocht – comharthaí ar an láthair chun athchúrsáil a chur chun cinn, aird a tharraingt ar cheantair phailneoirí agus daoine a spreagadh chun siúil.

Tacaíonn RTÉ freisin le hoideachas agus rannpháirtíocht foirne ar an ábhar seo trí thionscnaimh oiliúna agus foghlama éagsúla lena n-áirítear:

- Oiliúint le haghaidh dheimhniúchán intí léiriúcháin Albert d'fhoirne léiriúcháin
- Imeachtaí seachtracha agus tionscnaimh oiliúna ábhartha a chur chun cinn de réir mar a chuireann BAI, BAFTA, Aontas Craolacháin na hEorpa, SEAI agus eile ar fáil iad
- Oideachas ar chúrsaí aeráide agus bealaí oibre a chuimsiú ar bhealach níos inbhuanaithe (go teicniúil, ó thaobh na heagarthóireachta de agus go hiompraíoch), mar ghné de phunann fhoriomlán deiseanna forbartha foirne RTÉ.

## Léargas ar Thuairisciú Airgeadais agus Feidhmíochta




Tuairisceoidh RTÉ go poiblí ar a fheidhmíocht i gcomparáid leis na spriocanna a leagtar amach sa phlean gníomhaithe seo, agus geallann sé forléargas cuimsitheach a thabhairt ar fheidhmíocht i dTuarascálacha Bliantúla amach anseo.

Cuirfidh RTÉ caighdeáin tuairiscithe i bhfeidhm atá ag cloí go hiomlán leis an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach, agus le haon chaighdeáin feidhmíochta inbhuanaithe arna sonrú ag Coimisiún na Meán, agus gníomhaireachtaí rialtais eile. Ós rud é gur ceannaire náisiúnta sna meáin é RTÉ, a bhfuil an-mhuinín ag an bpobal as, is é aidhm RTÉ feidhmiú de réir na gcaighdeán is airde feidhmíochta agus trédhearcachta.

Is léiriú é Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide RTÉ ar an méid atá bainte amach againn agus ar ár gcuid uaillmhianta maidir le caighdeáin cheannaireachta. Léireofar bearta feidhmíochta a bhaineann lenár gcaighdeáin rialachais fhoriomlána agus ionchur maidir le comhionannas sochaíoch i dtuarascálacha eile.

Sa dá bhliain romhainn, fiosróidh RTÉ roghanna chun a thuairisciú corparáideach a fhorbairt ionas go mbeidh sé ag teacht le Creat Sóisialta agus Rialachais Comhshaoil GRI (Tionscnamh Tuairiscithe Domhanda), agus cinnteoidh sé go bhfuilimid ag feidhmiú de réir chaighdeáin náisiúnta agus dhomhanda dea-chleachtais maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta.

# Astaíochtaí a Thomhas agus a Laghdú





## Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021: Laghdú 51% ar astaíochtaí faoi 2030 don Earnáil Phoiblí

D'fhorbair an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, i gcomhar le SEAI, modheolaíocht a chuimseoidh Scóip 1 agus Scóip 2 agus roinnt gnéithe de Scóip 3 ar dtús. Beidh spriocanna 2030 an Phlean Ghníomhaithe ar son na hAeráide bunaithe ar mheánastaíochtaí 2016-18. Is tacar sonraí iniúchta ó chóras Monatóireachta agus Tuairiscithe SEAI (M&T) iad sonraí Scóip 1 agus Scóip 2 RTÉ. Roghnaíodh 2019 mar bhonnbhliain chun tacar sonraí Scóip 3 a chur san áireamh.


## Astaíochtaí Ídithe Fuinnimh RTÉ

Tagann sciar suntasach d'astaíochtaí RTÉ ó ídiú fuinnimh. Leagtar síos i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 sprioc maidir le feabhas 50% a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh faoi 2030. Chuir SEAI in iúl go bhfuil '*luachanna táscacha faoi réir athbhreithnithe de réir mar a thugtar an sprioc-mhodheolaíocht chun críche*'.


Mar sin féin, agus muid ag glacadh leis go mbeidh laghdú 30% ar ídiú fuinnimh ó bhonnlíne 2016-18 agus é ag teacht leis an sprioc, leagtar amach sa ghraf thíos an dúshlán do RTÉ i bhfianaise an dul chun cinn atá déanta go dtí seo.

### Bonnlíne Éifeachtúlachta Fuinnimh

Ídiú Fuinnimh Ó Bhonnlíne Éifeachtúlachta Fuinnimh TPER (MWh)





Ídiú Fuinnimh - 2021 (TPER)



## Astaíochtaí RTÉ maidir le hÍdiú Fuinnimh

Léiríonn na graif thíos bealach atá bunaithe ar thionscadail laghdaithe fuinnimh atá á dtuar faoi láthair mar chuid den straitéis maoine reatha atá bunaithe ar an straitéis eagraíochtúil reatha. De réir mar a fhorbraíonn an straitéis eagraíochtúil, déanfar athbhreithniú freisin ar an straitéis maoine agus ar na tionscadail a theastaíonn chun spriocanna a bhaint amach.

### Sprioc Astaíochtaí Iomlána RTÉ 2030 | Cás Dícharbónaithe Múnlaithe





Sprioc fhoriomlán astaíochtaí 51% coigeartaithe chun deireadh a chur leis an éifeacht thairbheach a bhíonn ag 'laghduithe ar thaobh an tsoláthair' arb é atá i gceist leis sin dícharbónú na heangaí leictreachais

Glacadh an léaráid thuas ó uirlis SEAI (G2TT), bearna go dtí an sprioc, a chuir RTÉ i gcrích agus a cuireadh isteach tríd an ardán tuairiscithe M&T. Taispeánann sé seo an bealach chuig spriocanna 2030 ar fud phríomhfhoinsí Scóip 1 agus Scóip 2. Is iad seo a leanas na príomhghnéithe chun an bealach sin a bhaint amach:

1. Leictreach: Feabhas leanúnach mar gheall ar chur i bhfeidhm an chórais bainistíochta fuinnimh (EMnS) arna dheimhniú go ISO50001 agus feidhmiú an phlean gníomhaíochta bhliantúil um bainistiú fuinnimh (EMAP)
2. Teirmeach: Teaschaidéil leictreacha a chur in ionad coirí gáis nuair is féidir
3. Iompar: Feabhsuithe ar éifeachtúlacht flít trí leictriú agus trí bhreosla astaíochtaí ísle a úsáid.

### Sprioc RTÉ 2030 maidir le hAstaíochtaí Neamhleictreacha | Cás Dícharbónaithe Múnlaithe





Taispeántar sa ghraf thuas bealach ar leith chun astaíochtaí neamhleictreacha (teirmeach agus iompar) a úsáid..

# Tionscnaimh le déanaí maidir le bainistíocht fuinnimh

Is ceannaire é RTÉ anois laistigh den earnáil phoiblí de bhrí gur baineadh amach na spriocanna a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh (NEEAP), agus is é an chéad chraoltóir é in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe chun an caighdeán idirnáisiúnta bainistíochta fuinnimh ISO50001 a bhaint amach i mí Feabhra 2021.

- Mar chuid de phróiseas ISO 50001, déanann RTÉ athbhreithniú leanúnach ar Chlár Deiseanna ina ndéantar deiseanna spriocdhírithe éifeachtúlachta fuinnimh a shainaithint agus a mheasúnú.
- I mí Feabhra 2022, chuir Maoin & Seirbhísí RTÉ tionscadal i gcrích chun an soilsiú san Ionad Raidió a uasghrádú. An rud a bhí i gceist leis sin ná 681 daingneán solais a bhaint amach agus soilse LED níos tíosaí ar fhuinneamh a chur ina n-áit, ach freisin laghdú a dhéanamh ar fheistiú iomlán solais faoi 308.

**Ídiú fuinnimh an tsoilsithe san Ionad raidió**




- Laghdóidh an t-uasghrádú agus an laghdú sin ar shoilse an úsáid leictreachais faoi níos mó ná 290,000kWh, arb ionann é agus 552,800kg Carbóin (CO2e) in aghaidh na bliana.
- In 2022, dhírigh an Fhoireann Fuinnimh ar uasghrádú na gcóras aerchóirithe san fhoirgneamh teilifíse, uasghrádú chuig gaothráin agus rialuithe nua-aimseartha seoltacht leictreach. Mar thoradh air sin, sábháladh thart ar 70% den fhuinneamh don chóras áirithe sin.
- Cé gur gné lárnach dár gcóras bainistíochta fuinnimh é úsáid fuinnimh a laghdú, tá 50kW de ghiniúint fhótavoltach (PV) suiteáilte againn freisin ar dhíon ceann de na foirgnimh i nDomhnach Broc. Tugann an córas seo deis dúinn cúiteamh a dhéanamh ar úsáid iomlán leictreachais laistigh den fhoirgneamh áirithe seo suas le 10-12%.

# Iompar

- I gcomhréir lenár straitéis Teicneolaíochta, agus infheistíocht in áiseanna léiriúcháin fíorúla, nuair is féidir, déantar agallaimh fhíorúla le haíonna a bhíonn lonnaithe i bhfad ar shiúl, rud a laghdaíonn an gá atá le taisteal.
- Is cuid lárnach de bhreithnithe pholasaí taistil agus iompair RTÉ iad cruinnithe fíorúla/ freastal fíorúil ar chomhdhálacha, agus aerthaisteal go háirithe a sheachaint.
- In 2022 d'éirigh linn roinnt áiseanna tráchtaireachta 'ón scáileán' a chur i bhfeidhm a laghdaigh astaíochtaí taistil d'imeachtaí móra spóirt, rud a thug deis do thráchtairí oibriú ó shuíomh Dhomhnach Broc ina áit.
- Tá scéim rothaíocht chun na hoibre ag RTÉ agus feidhmítear scéim cosanta cánach a chuirtear chun cinn don fhoireann mar bhealach chun tabhairt faoi chomaitéireacht a mbaineann astaíochtaí carbóin níos ísle léi.
- Rinneadh uasghrádú ar shuíomh Dhomhnach Broc freisin chun spás a bheith ann do thuilleadh racaí rothar, chun níos mó rothaíocht chun na hoibre a spreagadh.
- Amhail 2022, tacaíonn RTÉ go foirmiúil le hobair hibrideach laistigh den eagraíocht, nuair is féidir, rud a laghdaíonn an méid uaireanta is gá don fhoireann taisteal chun na hoibre.
- Tá Go Car á fheidhmiú ag RTÉ ar shuíomh RTÉ le haghaidh turais riachtanacha, agus tá an áis ann le haghaidh taistil i gcarranna pearsanta más gá.
- Cuirtear feidhmíocht chomhshaoil san áireamh i bpróisis tairisceana. Mar shampla, foinsíonn ár gconraitheoirí lónadóireachta bia a tháirgtear go háitiúil agus ar an gcaoi sin laghdaíonn sé lorg carbóin na gné iompair de sholáthar táirgí.
- Tá feithiclí astaíochtaí ísle á gcur in ionad an fhlít atá ann de réir a chéile.
- Tá pointí luchtaithe d'fheithiclí leictreacha suiteáilte ag RTÉ ar thailte Dhomhnach Broc chun tacú le húsáid carranna níos inbhuanaithe.
- Laghdaíodh spásanna páirceála do charranna ar shuíomh Dhomhnach Broc in 2018, rud a chuir níos mó béime ar mhodhanna iompair inbhuanaithe.

---

**Gealltanais:**

Déanfaidh RTÉ **roghanna taistil inbhuanaithe a chur chun cinn agus tacófar leo** nuair is féidir.

Ní cheannóidh RTÉ **ach feithiclí atá saor ó astaíochtaí** nuair atá siad ar fáil agus indéanta ó thaobh oibríochta de ó dheireadh 2022, rud a chuirfidh ar chumas na hÉireann dul níos faide ná ceanglais na Treorach maidir le Feithiclí Glana agus gníomhú mar cheannaire idirnáisiúnta sa réimse seo.



## Gealltanas Ísealcharbóin

Bhí ceannaireacht san earnáil phoiblí i gcónaí chun tosaigh i gcinnteoireacht RTÉ i réimse na hinbhuanaitheachta.

In 2018, ghlac RTÉ leis an tionscnamh Gealltanas Ísealcharbóin, tionscnamh de chuid Ghnó sa Phobal in Éirinn (BITCI) le haghaidh gnólachtaí Éireannacha chun dlús a chur leis an aistriú chuig oibríocht níos inbhuanaithe, trí bheith níos tíosaí ar fhuinneamh agus trí úsáid carbóin a laghdú.

Úsáidtear Caighdeán Corparáideach an Phrótacail maidir le Gáis Ceaptha Teasa a aithnítear go hidirnáisiúnta mar bhunchreat don Ghealltanas Ísealcharbóin. Geallann cuideachtaí a shíníonn an gealltanas an méid seo a leanas:

- Taifead a dhéanamh ar na hastaíochtaí carbóin go léir ó Scóip 1 agus Scóip 2
- Déine astaíochtaí carbóin Scóip 1 agus Scóip 2 a laghdú
- Tuairisciú ar bhonn indibhidiúil trí Thuarascáil Bhliantúil nó trí shuíomh gréasáin nó trí fhoinse cosúil leis sin atá ar fáil go poiblí trí Thuarascáil Bhliantúil Ísealcharbóin BITCI
- Athbhreithniú a dhéanamh bliain ar bhliain ar astaíochtaí carbóin Scóip 1 agus Scóip 2 d'fhonn feabhas leanúnach a léiriú
- Laghdú 50% ar dhéine na n-astaíochtaí carbóin faoi 2030

Cé go ndíríonn an gealltanas ar fhoinsí astaíochtaí Scóip 1 agus Scóip 2, thug muid faoi mheastóireacht shuntasach astaíochtaí Scóip 3 in 2022. Cuimseoidh sé sin socrú spriocanna lenár gcomhpháirtithe san earnáil neamhspleách le himeacht ama.


## Spriocanna Eolaíochtbhunaithe a Shocrú

Chuir Gnó sa Phobal in Éirinn uaillmhian an Ghealltanais Ísealcharbóin chun cinn trí thacú le cuideachtaí sínithe forbairt a dhéanamh agus spriocanna eolaíochtbhunaithe a leagan síos faoi 2024, (i.e. an méid a léiríonn an eolaíocht atá riachtanach chun téamh domhanda a theorannú go 1.5°C).

Ar aon dul le comparáid fhiúntach chomhsheasmhach a dhéanamh idir astaíochtaí le himeacht ama, bhain RTÉ lorg carbóin eagraíochtúil amach, agus tomhas á dhéanamh ar astaíochtaí Scóip 1 agus Scóip 2, arna n-iniúchadh ag próiseas M&T SEAI, agus le déanaí cuimsiú astaíochtaí indíreacha Scóip 3 (ó fhoinsí lasmuigh de rialú díreach RTÉ).

## Modh

Úsáidtear dhá ríomh chun ár lorg carbóin a fháil. Breithníonn an chéad ríomh (modh 1 ón mbarr anuas) teophointí carbóin féideartha trí athbhreithniú a dhéanamh ar shonraí caiteachais a sholáthraítear. Is iondúil gurb ionann an lorg carbóin a ríomh ó chaiteachas agus uasteorainn ar ríomh an loirg carbóin ach ní teorainn chruinn é mar go mbíonn na fachtóirí astaíochta sean agus b'fhéidir nach ionann iad agus fíordhéine carbóin na soláthraithe éagsúla. Tá an dara ríomh (modh 2 ón mbun aníos) bunaithe ar shonraí príomhúla a chuireann gnó RTÉ ar fáil. Tá sciar suntasach de láimhdeachas RTÉ i réimse na gcláracha coimisiúnaithe, nach bhfuil sonraí astaíochtaí ar fáil ina leith faoi láthair. D'fhéadfaí forbairt a dhéanamh sa réimse seo, trí úsáid a bhaint as áireamhán carbóin, mar shampla Albert, agus beidh na sonraí seo ar fáil amach anseo. Bheadh tionchar nach beag aige sin ar lorg carbóin RTÉ agus bheadh gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar spriocanna.



# Pleanáil agus Infheistiú le haghaidh Todhchaí Níos Inbhuanaithe





# Straitéis Teicneolaíochta RTÉ atá dírithe ar an Inbhuanaitheacht

De réir mar a dhéanann RTÉ beart de réir a straitéise teicneolaíochta, cinnteoimid go dtacaíonn úsáid na teicneolaíochta le spriocanna inbhuanaitheachta agus, nuair is cuí, go spreagfar úsáid a bhaint as réitigh theicneolaíochta chun astaíochtaí carbóin a laghdú.

Tá RTÉ ag leanúint straitéis néil hibride ó 2016 i leith. Laghdaigh an cur chuige seo lorg fisiciúil eastát bonneagair RTÉ go mór agus, dá réir sin, laghdaíodh riachtanais chumhachta agus fuaraithe na n-ionad sonraí, rud a chabhraigh le spriocanna inbhuanaitheachta RTÉ. Trí chórais a aistriú chuig an néal, idir phoiblí agus phríobháideach, is féidir costais a laghdú agus timpeallacht teicneolaíochta níos solúbtha a chur ar fáil do RTÉ, rud a fheictear cheana féin.

Dála go leor eagraíochtaí eile, tá athrú tagtha ar an gcaoi a n-oibríonn RTÉ mar thoradh ar Covid. Éilíonn an t-aistriú chuig samhlacha oibre hibrideacha teicneolaíocht chun tacú le lucht saothair solúbtha agus sofhreagrúil a bhíonn ag obair ó áit ar bith. Ní hamháin go gcumasaíonn infheistiú i saoráidí oibre hibrideacha níos mó solúbthachta laistigh den lucht saothair, cuireann sé leis an bplean náisiúnta um ghníomhú ar son na haeráide freisin tríd an gceanglas maidir le taisteal a laghdú, rud a laghdaíonn astaíochtaí carbóin a bhaineann le taisteal.

Ní mór spásanna oibre ina bhfuil teicneolaíocht a chur ar fáil chun tacú le cruthaitheacht agus comhoibriú i dtimpeallacht hibrideach. Ceadaíonn úsáid uirlisí néalbhunaithe, go háirithe sa spás léirithe ábhair, turgnamh le samhlacha léirithe solúbtha agus bealaí nua chun ábhar a chruthú. Laghdóidh sé freisin an spleáchas ar thacair fhisiciúla, comaitéireacht agus taisteal gnó eile.

---

Tá an fhoireann teicneolaíochta tiomanta do chabhrú le RTÉ a spriocanna inbhuanaitheachta a bhaint amach agus cabhraíonn an bealach a sholáthraítear earraí agus seirbhísí leis sin. Áirítear le soláthairtí teicneolaíochta critéir inbhuanaitheachta iomchuí agus intomhaiste chun a chinntiú go mbeidh an inbhuanaitheacht mar chuid de na critéir chinnteoireachta agus chun a chinntiú go soláthraíonn soláthraithe sonraí cruinne chun oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh.

## Tosaíochtaí Straitéiseacha


| Cumais dhigitea-cha agus sruthaithe a chur chun cinn | Meitea-shonraí inneachair a fheabhsú | Cur le cumais táirgeachta | Bealaí oibre a athrú ó bhonn | Bearta slándála a neartú | RTÉ níos inbhuanaithe a chumasú |
|---|---|---|---|---|---|

# Tosaíochtaí inbhuanaitheachta don teicneolaíocht agus d'oibríochtaí

**Tosaíochtaí inbhuanaitheachta don teicneolaíocht agus d'oibríochtaí:**

- Leanúint de chórais oidhreachta a dhíchoimisiúnú, toisc go gcabhraíonn sé sin le stad a chur le húsáid trealaimh atá neamhéifeachtúil ó thaobh fuinnimh de.
- Córais nach féidir a dhíchoimisiúnú a fhíorúlú. Laghdóidh sé sin líon na bhfeistí fisiciúla a ghlacann cumhacht agus a dteastaíonn fuarú uathu.
- A chinntiú go mbreithneofar tionchar inbhuanaitheachta na réiteach nua teicneolaíochta trí cheanglais inbhuanaitheachta intomhaiste a chur san áireamh i soláthairtí.
- Ceangal a chur ar sholáthraithe faisnéis a chur ar fáil maidir leis na hastaíochtaí carbóin chun astaíochtaí Scóip 3 RTÉ a ríomh go cruinn.
- Oibriú leis an nGrúpa Craoltóirí Glasa, chun a chinntiú go bhfuil an t-eolas, an oiliúint agus na huirlisí is gá ag an bhfoireann chun a dtionchar ar lorg carbóin a thuiscint agus a laghdú.
- Oibriú le páirtithe leasmhara chun tionchar tháirgí digiteacha RTÉ ar lorg carbóin a lucht féachana agus éisteachta a thuiscint agus a laghdú.
- Oibriú le réimsí gnó maidir le doiciméid pháipéir a dhigitiú agus próisis a chur i bhfeidhm maidir le bainistiú doiciméad. Cuirfidh sin tuilleadh spáis ar fáil agus tacóidh sé le spriocanna inbhuanaitheachta.
- Printéirí a bhaint amach as suíomhanna éagsúla chun priontáil a laghdú chun tacú le cuspóirí oibre digití agus inbhuanaitheachta.

**Tá RTÉ tiomanta do phrionsabail inbhuanaitheachta agus dícharbónaithe a leabú inár gcinntí gnó agus inár straitéis.**



# An Geilleagar Ciorclach agus Soláthar Glas

De réir mar a leanann an eagraíocht uirthi ag fás agus ag forbairt, tá RTÉ tiomanta do dhramhaíl a laghdú go hinbhuanaithe inár n-oibríochtaí go léir. Smaoinítear ar chosc ar dhramhaíl i soláthar ábhair, trealaimh agus pacáistíochta. Dá bhrí sin, i gcomhréir le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh, is príomh-mhachnamh é an deis chun athearraíocht a bhaint as rudaí, sula ndéantar aon earraí nó seirbhísí breise a sholáthar.

## Soláthar Inbhuanaithe

Mar a leagtar amach i gCairt Soláthair RTÉ "Is é aidhm RTÉ a chinntiú go léirítear meas ar inbhuanaitheacht agus cearta an duine i bpróiseas an tsoláthair, agus é sin ina chéim riachtanach i dtreo luachanna RTÉ maidir le hiompar ar bhealach measúil, inbhuanaithe agus cuntasach. Chun cabhrú leis na haidhmeanna sin a bhaint amach, nuair is ábhartha maidir le tairiscint, déanfar tionchar ar an gcomhshaol agus critéir chomhshaoil a mheas agus próisis tairisceana den sórt sin á bhforbairt". Baineann an chairt seo le gach ball d'fhoireann RTÉ a bhfuil baint aige le hearraí agus seirbhísí a cheannach.

Tugann soláthar inbhuanaithe, ar a dtugtar 'soláthar glas' freisin, aghaidh ar thosca comhshaoil agus sóisialta, chomh maith leis na costais iomlána a bhaineann le gach ceannachán. Baineann sé le féachaint ar cad as a ndéantar na táirgí, cá as a dtagann siad, conas a dhéantar iad, agus conas a dhéanfar iad a dhiúscairt.

I gcomhréir leis an dea-chleachtas agus le prionsabail an tSoláthair Phoiblí Ghlais (SPG), a bhfuil feidhm acu den chuid is mó maidir le comhlachtaí poiblí agus leathstáit, is é aidhm RTÉ a chinntiú go bhfuil an inbhuanaitheacht leabaithe i ngach feidhm, lena n-áirítear soláthar, agus é sin ina chéim riachtanach i dtreo ár gcuspóra cur le fís inbhuanaitheachta agus sochaí na cuideachta ina hiomláine. Mar chuid den ghealltanas sin, ceanglóidh RTÉ ar gach soláthraí tairisceana cleachtais inbhuanaithe agus gnéithe inbhuanaithe a ionchorprú sna hearraí agus sna seirbhísí a sholáthraíonn siad nuair is infheidhme.

Tá RTÉ ag moladh dár soláthraithe machnamh a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag a ngníomhaíochtaí, dearadh agus léiriú chun prionsabail chomhshaoil a chomhtháthú ina ngníomhaíochtaí a mhéid is féidir agus leagtar é sin amach inár ndoiciméid tairisceana.

I gcomhréir leis an bPlean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide agus le Polasaí Fuinnimh RTÉ, cuirtear éifeachtúlacht fuinnimh agus costais reatha iomlána san áireamh freisin agus táirgí ábhartha á soláthar.

## Gealltanais

Déanfaidh RTÉ prionsabail SPG a ionchorprú i ngach **tairiscint fhoilsithe** ábhartha chun measúnú ar shaolré, úsáid fuinnimh, agus cúinsí comhshaoil ábhartha eile a chur san áireamh.

**Faoi dheireadh 2023, i gcomhréir le treoirlínte SPG**, beidh critéir ualaithe chomhshaoil / inbhuanaitheachta san áireamh in 90% de na tairiscintí go léir.

**Geallann RTÉ go ndéanfaidh sé tuairisciú comhsheasmhach poiblí** ar dhul chun cinn i gcomparáid leis na spriocanna sin i dtuairisciú bliantúil.

# Bainistiú Dramhaíola

Tá cur i bhfeidhm phríomhchuspóirí an gheilleagair chiorclaigh, agus inbhuanaitheacht an chomhshaoil mar mhachnamh i ndearadh agus i bpleanáil, ríthábhachtach chun dramhaíl a chosc. Is gné riachtanach é sin den obair laistigh de theorainneacha an damáiste is lú don chomhshaol, agus chun cur le maolú ar an athrú aeráide.

In RTÉ, baineann an anailís ar ár sruthanna dramhaíola le breithniú a dhéanamh ar fhaisnéis ó fhoinsí indíreacha éagsúla, soláthraithe san áireamh.

Ba cheart go gcabhródh cur chun feidhme phrionsabail an gheilleagair chiorclaigh le cosc ar dhramhaíl. I gcás ina gcruthaítear dramhaíl, áfach, tá sé ríthábhachtach go mbeadh cleachtais fhreagracha i bhfeidhm maidir lena diúscairt.

## Bainistíocht Dramhaíola RTÉ

| Ábhar | Próiseas Dramhaíola |
|---|---|
| Páipéar agus Cárta | Athchúrsáilte |
| Miotail | Athchúrsáilte |
| Adhmad | Athchúrsáilte |
| Gloine | Athchúrsáilte |
| Plaistigh | Athchúrsáilte |
| Cadhnraí | Athchúrsáilte Lynn Charity |
| Trealamh Leictreach | Athchúrsáilte |
| Ábhair Ghuaiseacha | Comhlíontach íoslaghdú go freagrach |

Trína Chlár Léiriúcháin Níos Glaine Níos Glaise, d'éirigh le RTÉ díriú ar laghdú dramhaíola de gach cineál le cúig bliana déag anuas. Mar shochar breise, tá coigilteas i bhfad níos mó ná €700,000 ann ó 2003, agus tá dramhaíl uile RTÉ aistrithe anois ó líonadh talún.

| Cineál dramhaíola | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | Réamhaisnéis 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cairtchlár | 60.38 | 23.64 | 20.96 | 14.04 | 9.85 | 7.55 | 2.59 | **2.16** | **2.76** |
| Múirín | 10.25 | 20.33 | 23.29 | 20.5 | 14.17 | 19.43 | 10.86 | **8.8** | **11.84** |
| DMR | 60.87 | 141.08 | 132.24 | 155.76 | 115.13 | 145.5 | 145.56 | **102.87** | **97.68** |
| Gloine | 4.1 | 2.33 | 3.3 | 6.05 | 6.13 | 13.66 | 6.92 | **2.64** | **2.96** |
| Miotal | 14.11 | 15.23 | 14.84 | 31.02 | 14.14 | 24.99 | 13.76 | **20.41** | **19.42** |
| Monatóirí | 0.88 | 70.16 | 0.36 | 0.56 | 0 | 0 | 0 | **0** | **0** |
| WEEE | 84.12 | 167.41 | 9.05 | 17.06 | 7.66 | 14.6 | 7.96 | **5.84** | **4.54** |
| Dramhaíl Rúnda & Páipéar | 148.89 | 88.31 | 63.06 | 29.08 | 18.18 | 20.54 | 0.97 | **1.87** | **7.24** |
| Adhmad | 34.13 | 22.14 | 31.56 | 29.96 | 25.47 | 16.37 | 12.96 | **13.09** | **24.44** |
| Cáblaí | | | 1.89 | 0 | 1.65 | 0 | 0 | **0** | **0** |
| Buidéil phlaisteacha | | | 0.06 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** | **0** |
| Feadáin | | | | 0.15 | 0.14 | 0.57 | 0 | **0.17** | **0** |
| Reoiteoir | | | | | 0.83 | 0 | 0 | **0** | **0** |
| MMW | 144.48 | 179.13 | 195.48 | 196.12 | 215.23 | 233.14 | 81.74 | **100.54** | **126.24** |
| | Líonadh Talún | Líonadh Talún | Líonadh Talún | EFW | EFW | EFW | EFW | **EFW** | **EFW** |
| | | | | | | | | | |
| **Iomlán na Bliana (tonna)** | **562.21** | **729.76** | **496.09** | **500.30** | **428.58** | **496.35** | **283.32** | **258.39** | **297.12** |

## Gealltanais

**Díreoidh RTÉ ar laghdú foriomlán dramhaíola 25%** (óna bhonnlíne in 2019) faoi dheireadh 2023

Chomh maith le forbairt straitéis RTÉ, **cruthóidh agus foilseoidh sé spriocanna nua do 2024 agus 2025.**

# Seiteanna Fíorúla agus Cosc ar Dhramhaíl

Is minic a bhfaightear réidh le píosaí a ceannaíodh nó a cruthaíodh go sonrach le haghaidh seit cláir nuair a bhíonn an obair léirithe thart. Is féidir méadú neamhriachtanach ar an úsáid a bhaintear as líonta talún a bheith mar thoradh air sin. Cuireann líonta talún lenár n-astaíochtaí carbóin, agus cuireann píosaí seit aon úsáide leis an mborradh sin.

Bealach amháin chun lorg carbóin léiriúcháin a laghdú is ea timpeallacht fhíorúil a úsáid. Ní chuirfear aon adhmad ná plaisteach amú sa phróiseas chun seit fíorúil a chruthú. Níl aon teorainneacha fisiciúla ag an seit fíorúil nach mór cloí leo; Is féidir leis an léiriú a bheith níos cruthaithí agus ag an am céanna gan dramhaíl a chruthú.

Cúis mhór eile le hastaíochtaí carbóin is ea an taisteal. Ní hamháin go sábhálann úsáid a bhaint as seit fíorúil airgead mar gheall ar chostais taistil, ach laghdaíonn sé astaíochtaí carbóin léiriúcháin freisin. Mura mbíonn gá le ceamaraí, trealamh, mír sheasta, criú ná foireann aisteoirí a bhogadh i rith an ama chuig áiteanna nua, laghdaítear a n-astaíochtaí carbóin. Is féidir le timpeallacht fhíorúil duine a chur in áit ar bith. Ní gá srian a chur le huaillmhian léiriúcháin mar gheall ar shrianta airgeadais, ná chun lorg carbóin a laghdú. Tá go leor buntáistí ag baint le seit fíorúil, ach is í an inbhuanaitheacht ceann de na cinn is mó.

Is iondúil go ngineann seiteanna fíorúla níos lú astaíochtaí ná suíomhanna geografacha a úsáid. Mar sin féin, is féidir le seiteanna fíorúla móra a lán leictreachais a úsáid, mar sin is gá seiteanna fíorúla agus béim ar úsáid fuinnimh a chur san áireamh freisin.

I líon áirithe stiúideonna, tá físbhallaí ag RTÉ a laghdaíonn an gá atá le seiteanna fisiciúla. Athraíonn sé sin radharc stiúideo go fíorúil, agus ní bhíonn gá atá le hacmhainní fisiciúla.




















## Breithnithe Inbhuanaitheachta

### Vardrús RTÉ

- Téann baill éadaigh ar ais isteach sa phríomhvardrús tar éis a n-úsáide le hathúsáid / le hathrú le haghaidh léiriúcháin amach anseo.
- Baintear úsáid as na boscaí athchúrsála sa limistéar dramhaíola, agus díoltar nó cuirtear ar aghaidh baill éadaigh nuair nach bhfuil gá leo a thuilleadh.
- Déanann an Roinn Vardrúis gach ball éadaigh saincheaptha (mar shampla iad siúd a úsáidtear don *Late Late Toy Show*) as fabraic athchúrsála nuair is féidir.

### Lónadóireacht agus Dramhbhia

- Foinsíonn soláthraí RTÉ bia áitiúil, séasúrach veigeatórach / veigeánach nuair is féidir.
- Déantar múiríniú ar dhramhaíl nach féidir a chosc. In 2018, cuireadh deireadh le plaistigh aonúsáide ó oibríocht bialainne RTÉ.
- Roimh Covid 19 cuireadh bia ar fáil do charthanais agus iad laistigh den tseilfré. Ní raibh an bia ina dhramhaíl dá bharr sin.
- Tá socrú déanta ag conraitheoir lónadóireachta RTÉ lena sholáthraithe coimeádáin a thógáil ar ais, rud a chruthaíonn tionchar ciorclach ar athúsáid na gcoimeádán. Tá sampla anseo thíos de chosc ar dhramhaíl mar thoradh air sin.

| Táirge | Seachtain 1 (kg) | Seachtain 2 (kg) | Seachtain 3 (kg) | Seachtain 4 (kg) |
|---|---|---|---|---|
| Boscaí Cairtchláir | 16.3 | 10.9 | 15.4 | 15.2 |
| Plaistigh - Málaí pacála torthaí srl | 1.4 | 1.5 | 3.8 | 2.1 |
| Dríodar caife | 14.7 | 11.4 | 15.3 | 18.7 |












# Fair City: Digitiú a Fhiosrú

Craolann dráma móréilimh RTÉ, *Fair City*, thart ar 200 eipeasóid gach bliain. Tá réimse mór carachtar sa dráma agus feidhmíonn sé de réir sceideal léiriúcháin an-docht.

Faoi láthair, bíonn gá le líon mór scripteanna fisiciúla a chur ar fáil, don chliar agus don fhoireann oibríochtúil araon. Meastar go mbíonn gá le breis agus 15,000 leathanach in aghaidh na seachtaine. Mar aon leis an bpriontáil, ríomhtar go bhfuil costas carbóin thart ar 120kg carbóin in aghaidh na seachtaine, 6240 kg in aghaidh na bliana (a bheadh os cionn 31 tonna carbóin thar 5 bliana) i gceist leis seo. Is aon úsáid amháin a bhaintear as gach ceann de na scripteanna sin – ní bhíonn an script ag teastáil a thuilleadh nuair a bhíonn an clár taifeadta.

Ó mhí Eanáir 2023 ar aghaidh, tá tús á chur ag RTÉ le treoirthionscadal atá dírithe ar an leibhéal astaíochtaí carbóin sin a laghdú ó bhonn in 2023 agus sna blianta ina dhiaidh sin.

D'fhonn an spleáchas ar scripteanna páipéir a laghdú, cuirfidh RTÉ iPadnna ina n-ionad lena n-úsáid laistigh den léiriú.

Táirgeann iPad caighdeánach thart ar 82kg carbóin ó tháirgeadh go diúscairt thar thréimhse 5 bliana. Dá bhrí sin, thar shaolré a úsáide sa chomhthéacs seo, is mó i bhfad den infheistíocht aonair sin é an coigilteas a ghinfidh sé i dtéarmaí astaíochtaí carbóin.

Táimid ag díriú ar laghdú 20 tona d'astaíochtaí carbóin, ar a laghad, sna cúig bliana amach romhainn, tríd an tionscnamh coiscthe dramhaíola seo..

**Níl in *Fair City* ach ceann amháin den réimse léiriúcháin inmheánacha a bheidh ag díriú ar úsáid mhéadaithe digitithe sa phróiseas léirithe, agus fócas ar fud na heagraíochta ar lorg carbóin a laghdú agus dramhaíl a laghdú**



# Deimhniúchán Albert maidir le Léiriú Inbhuanaithe

Leanann RTÉ ar aghaidh le cur i bhfeidhm céimneach Albert, clár inbhuanaitheachta de thionscnamh BAFTA a dearadh chun tacú le cruthú cláracha níos inbhuanaithe de gach cineál.

Bunaíodh deimhniúchán Albert in 2011, agus tacaíonn sé leis an tionscal domhanda scannán agus teilifíse chun tionchair chomhshaoil an léirithe a laghdú agus chun ábhar a chruthú a thacaíonn le todhchaí inbhuanaithe.

Dearadh áireamhán carbóin Albert go sonrach le haghaidh déanamh cláracha agus is uirlis aitheanta é a úsáideann craoltóirí eile ar fud an domhain chun lorg carbóin léiriúcháin scáileáin a laghdú.

I measc na gcláracha de chuid RTÉ a deimhníodh do chaighdeáin Albert tá:




The Late Late Show (sraith  2022-23)




The Today Show (ar siúl faoi láthair)



Primetime (sraith  2022-23)



Ask Me Anything (sraith  2022)



The Main Stage (sraith  2022)



3 x Primetime Climate Specials



FIFA World Cup 2022




Cloch Le Carn, Scannal & Gafa (2022)

Beidh cláracha eile ag obair i dteor dheimhniúchán Albert a bhaint amach in 2023.

# Ábhar ar chúrsaí Aeráide agus Inbhuanaitheachta RTÉ





# Ábhar ar chúrsaí Aeráide agus Inbhuanaitheachta RTÉ

## Ábhar ar théama na haeráide

Ba é RTÉ ceann de 12 chraoltóir agus sruthóir a chláraigh le Gealltanas Ábhar ar chúrsaí Aeráide. Geallann na sínitheoirí – an BBC, Channel 4, ITV, RTÉ, S4C agus Sky ina measc – go n-úsáidfidh siad a n-ábhar chun cabhrú leis an lucht féachana tuiscint a bheith acu ar cad é a dhéantar le dul i ngleic leis an athrú aeráide, chomh maith lena dtreorú agus a spreagadh i dtreo roghanna inbhuanaithe.

Tá RTÉ ar cheann de 19 gcraoltóir as gach cearn den Eoraip a bhfuil feachtas gníomhaithe ar son na haeráide seolta aige.

Tá ról tábhachtach, a bhfuil daoine ag brath air, ag RTÉ maidir le saoránaigh na hÉireann a chur ar an eolas agus maidir le díospóireacht náisiúnta a mhúnlú. Cé go bhfuil RTÉ aireach ar an ngá atá le níos mó a dhéanamh, tá clúdach ar athrú aeráide agus saincheisteanna comhshaoil lárnach i gclúdach Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ agus in go leor cineálacha éagsúla cláracha eile.

Seo a leanas rogha chuimsitheach d'ábhar agus de chláracha ar théama an athraithe aeráide ar fud ár seirbhísí teilifíse, raidió agus ar líne. Tá go leor cláracha agus sraitheanna ar fáil arís agus arís eile inár sceidil, bíonn go leor acu ar fáil i gcónaí freisin ar RTÉ Player nó ar RTÉ Radio Player mar gheall ar a dtábhacht agus a n-ábharthacht. Is tábhachtach a aithint freisin go ndéantar plé pras maidir le hathrú aeráide ar go leor de chláracha agus de shraitheanna RTÉ ar fud ár sceideal.

Tá an t-athrú aeráide fós ina fhócas leanúnach do Nuacht RTÉ, mar is léir ón leibhéal tuairiscithe ó chruinniú mullaigh maidir le cúrsaí aeráide COP27 in Sharm el-Sheikh san Éigipt i mí na Samhna 2022. Ina measc bhí tuairiscí ar leith do News2day, clár nuachta laethúil RTÉ do pháistí ar RTÉ2, ina raibh teachtaireacht ar leith ón Taoiseach, Micheál Martin.

Is ábhar athbhreithnithe leanúnach é clúdach an athraithe aeráide, agus ábhair inbhuanaitheachta eile, i dtaca lenár ngníomhaíochtaí eagarthóireachta.

Rinne RTÉ iniúchadh seachtaine ar shaincheisteanna a bhaineann leis an aeráid agus leis an inbhuanaitheacht ar *RTÉ on Climate in 2019* – seachtain théamach de chláracha ina ndéantar iniúchadh domhain agus leathan ar an ábhar ar fud an réimse uathúil seirbhísí ilardáin a chuireann RTÉ ar fáil. Trí thopaic amháin a chur i láthair, ar a bhfuil fócas agus béim, is féidir tionchair shuntasacha a bheith aige sin ó thaobh aird agus ghníomhaíocht an phobail de, agus bhí freagairt an lucht féachana ar an tionscnamh láidir agus dearfach araon.

Creidimid go dtugann an t-ábhar seo a leanas a leagtar amach thíos, a chlúdaíonn 2022 den chuid is mó, léiriú soiléir go bhfuil RTÉ ag déanamh fíor-iarrachtaí dul i ngleic leis an ábhar seo thar réimse éagsúil aschuir, ó réimse leathan peirspictíochtaí trasardáin.

## Ar an teilifís agus ar RTÉ Player



**What Planet Are You On**

Chuir an tríú sraith seo de *What Planet Are You On*, á chur i láthair ag Maia Dunphy, plé spreagúil agus praiticiúil os ár gcomhair maidir le hathrú aeráide agus an inbhuanaitheacht. Agus iad ag cruthú gur féidir le hathruithe beaga difríocht mhór a dhéanamh, lean an tsraith trí theaghlach as gach cearn den tír a gheall a lorg carbóin a laghdú trí athruithe beaga a dhéanamh ar an mbealach a maireann siad. Bhuaigh an teaghlach is mó a laghdaigh a chuid astaíochtaí gáis ceaptha teasa €5,000.



**The Island**

Thug *The Island*, arna chur i láthair ag Liz Bonnin, an lucht féachana ar thuras drámatúil trí stair iontach 1.8 billiún bliain na hÉireann. Le linn na sraithe, bhuail Liz le réimse leathan geolaithe paiseanta ar saineolaithe iad ar fianaise a léiriú ar imbhualadh ollmhór na n-ilchríoch a chomhleáigh an dá chuid den oileán le chéile sular bhog sé ó thuaidh go dtí an áit ina bhfuil sé faoi láthair. Le chéile rinne siad iniúchadh ar chumhacht na hoighearaoise agus ar an gcaoi ar mhúnlaigh sé ár dtírdhreach uathúil, agus rianaigh siad na loirg ársa a sholáthraíonn an fhianaise is iontaofa ar domhan d'éabhlóid na beatha ó uisce go talamh.

# Ar an teilifís agus ar RTÉ Player



### Future Island (Mar chuid den tSeachtain Eolaíochta ar RTÉ)

Le tacaíocht ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, taispeánadh *Future Island* arís do Sheachtain na hEolaíochta 2022 chun súil a chaitheamh ar an todhchaí i saol na heolaíochta agus na teicneolaíochta. Trí mheascán d'aíonna agus de thaispeántais bheo sa stiúideo, chomh maith le rogha spéisiúil scannán, rinne *Future Island*, faoi stiúir an láithreora Anna Daly, scagadh ar fhíricí eolaíochta agus ficsean eolaíochta agus míníodh an chaoi a bhfuil nuálaithe na hÉireann ag iarraidh an domhan a athrú chun feabhais.

D'úsáid Anna Daly a cuid fiosrachta maidir leis an gcaoi a n-oibríonn rudaí agus conas a d'fhéadfadh an eolaíocht an todhchaí a dhéanamh níos fearr dá leanaí, agus í ag glacadh le "féidearthachtaí gan teorainn" na heolaíochta - téamaí Sheachtain na hEolaíochta 2022 - maidir le hábhair amhail inbhuanaitheacht, sláinte sa todhchaí, teicneolaíocht, athrú aeráide agus fuinneamh sa todhchaí, agus comhairle aici ó phainéal saineolaithe.

D'oibrigh an tsraith go dlúth freisin le Cairde Éanlaith Éireann chun chur leis an tionscadal eolaíocht saoránach is mó sa tír: agus iarraidh ar an lucht féachana sonraí luachmhara a bhailiú faoin na héin atá ina ngairdíní. Chuir gach seó dúshlán ar leith os comhair an lucht féachana. An féidir linn tionchar a bheith againn ar chaighdeán an aeir timpeall orainn trí athruithe simplí a dhéanamh ar ár stíl mhaireachtála a d'fhéadfadh beatha daoine a shábháil? An féidir cnuasach ceoil a chruthú as dramh, ag baint úsáid as eolaíocht na n-uirlisí éagsúla chun críoch mhór cheoil a chruthú?



### Things To Know About

Thug an tsraith seo den chlár, a bhfuil gradaim buaite aige, ardán d'eolaíocht na hÉireann agus rinne ceiliúradh ar an eolaíocht atá taobh thiar de ghnéithe de shaol an lae inniu. Bhí gach eipeasóid siamsúil agus faisnéiseach, agus bhí gach céann acu bunaithe ar théamaí croí-ábhair nó ar réimse taighde. Bhuail Kathriona Devereux, Jonathan McCrea agus Fergus McAuliffe le taighdeoirí Éireannacha a bhíonn ag obair sa bhaile agus go hidirnáisiúnta ar thionscadail a bhfuil tionchar acu ar ár saol go léir.

I gceann de na heipeasóid, d'fhiosraigh Kathriona Devereux agus Jonathan McCrea an bhféadfadh feithidí bunúsacha a úsáid mar réiteach chun an domhan a bheathú ar bhealach níos inbhuanaithe.

De réir mar atá daonra an domhain ag méadú, ardaítear ceisteanna maidir leis an mbealach chun leanúint ar aghaidh ag cothú an phláinéid le táirgí agus iompraíochtaí bia níos inbhuanaithe. Tá cion ard próitéine agus modhanna pórúcháin atá neamhdhíobhálach don charbón ag feithidí, agus de bhrí go bhfuil trí chineál feithidí in úsáid cheana féin san AE, rinne an clár seiceáil ar thaighde is déanaí na hÉireann ar fheithidí inite agus baineadh triail as roinnt tástálacha blais ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta féachaint an mbeadh an pobal sásta criogair féir a chur lena gcalóga arbhair.

## Ar an teilifís agus ar RTÉ Player



**Ear to the Ground**

Bhí an clár irise móréilimh d'fheirmeoirí agus do mhuintir na tuaithe, *Ear To The Ground*, atá dírithe ar nádúr síorathraitheach shaol agus thírdhreach na tuaithe, ar ais ar an aer arís ar RTÉ 1 in 2023 chun machnamh a dhéanamh ar na dúshláin atá roimh an earnáil talmhaíochta in Éirinn mar a dhéantaí gach bliain le deich mbliana anuas.



**The Today Show**

Sa lá atá inniu ann, bíonn míreanna sa chlár beo tráthnóna maidir leis an ngá atá le hinbhuanaitheacht, an comhshaol, bia, agus is crann taca é don dúlra agus don fhiadhúlra trí chineálacha éagsúla ábhair, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí le hOifig na nOibreacha Poiblí.

**Back from the Brink**

Is tionscadal EBU faoi stiúir RTÉ é *Back from the Brink* ina ndéanann craoltóirí éagsúla ar fud na hEorpa acmhainní a chomhthiomsú chun cláracha a chruthú a cheiliúrann na hiarrachtaí dochreidte atá ar siúl chun fiadhúlra na hEorpa a shábháil agus a chosaint. Cuireann Derek Mooney scéalta spreagúla caomhnaithe i láthair ó gach cearn den Eoraip, lena n-áirítear foireann a dhéanann monatóireacht ar na geabhróga rósacha ar Oileán Chloch Dábhiolla amach ó chósta Chontae Bhaile Átha Cliath.

## Ar an teilifís agus ar RTÉ Player



**Growing Up at the End of the World**

Leanann an clár faisnéise seo, a craoladh den chéad uair ar RTÉ 1 i mí na Nollag 2021, triúr gníomhaithe óga aeráide in Éirinn le bliain go leith agus iad i gceannas ar léirsithe, ag ceistiú polaiteoirí, agus ag obair in éineacht le Greta Thunberg chun fís a chruthú do ghluaiseacht aeráide na n-óg, agus iad á dhéanamh sin ar fad agus iad fós ar scoil, ag plé le cairde agus le linn paindéim dhomhanda.



**Crainn Na hÉireann**

Cuireann Manchán Magan clár faisnéise 10 gclár i láthair ina ndéantar iniúchadh ar chrainn na hÉireann, agus é ag féachaint ar an tionchar a bhíonn acu ar an gcomhshaol agus ar na naisc le gníomhaíochtaí daonna. Péine na hAlban an chéad chrann faoi chaibidil aige.

**A Greenland Story**

Scéalta pearsanta ó mhuintir na háite ar chósta Thiar na Graonlainne ina dtugtar léargas ar an tír agus ar na daoine a bhfuil uair na cinniúna rompu anois cloí lena dtraidisiúin nó iompú agus ar an saol nua-aimseartha. Mothaíonn siad tionchar tubaisteach an athraithe aeráide agus tá tréimhse éiginnte rompu.

**Junk Kouture Dublin City Final**

Cruthaíonn agus múnlaíonn dearthóirí óga cumasacha idir 13-18 mbliana d'aois ó iar-bhunscoileanna ar fud Oileán na hÉireann seasca dearadh haute-couture déanta 100% as ábhar athchúrsáilte agus iad ag iarraidh go roghnófaí iad don chéad Chraobh Dhomhanda *Junk Kouture* riamh níos déanaí in 2022.

**Junk Kouture: Behind the Seams**

Leagann *Junk Kouture: Behind the Seams* béim ar an bpróiseas cruthaitheach taobh thiar den dearadh ar fad sula mbogtar ar aghaidh chuig an rúidbhealach deiridh ag an ócáid bheo. Déanfaidh cúig fhoireann ó Thuaisceart, Deisceart, Oirthear, Iarthar agus Oirdheisceart na tíre iniúchadh ar phríomhcholúin *Junk Kouture* lena n-áirítear gníomhaíochas óige, athrú aeráide, uileghabhálacht agus éagsúlacht, dearadh faisin agus féinléiriú.

**On the Roads with Simon Delaney**

Díríonn Simon Delaney ar na saincheisteanna maidir le sábháilteacht ar bhóithre agus gníomhú ar son na haeráide atá os ár gcomhair anois agus é ag taisteal ar fud na hÉireann agus na hEorpa ag féachaint ar na hathruithe atá ag tarlú chun iarracht a dhéanamh bóithre a dhéanamh níos sábháilte agus níos glaise.

## Ar an teilifís agus ar RTÉ Player



**Ireland's Deep Atlantic**

Sa chlár I*reland's Deep Atlantic*, tugann an ceamaradóir faoi uisce Ken O'Sullivan faoi thuras amach san Atlantach Thuaidh ar thóir míolta móra, siorcanna agus sceireacha coiréil uisce fuar 3,000 méadar síos ar ghrinneall fharraige na hÉireann.

**Hot Air: Ireland's Climate Crisis**

Scrúdaíonn Philip Boucher-Hayes na hathruithe a theastaíonn chun dul i ngleic leis an athrú aeráide - agus an bhearna idir an méid is gá a dhéanamh agus an méid atá á dhéanamh ag an rialtas agus ag na corparáidí i ndáiríre..

**Will Ireland Survive 2050?**

Scrúdaíonn an meitéareolaí Gerald Fleming agus an gníomhaí aeráide an Dr Cara Augustenborg na hiarmhairtí a bhaineann le drochaimsir dhomhanda, agus léiríonn an clár an chuma a bheidh ar an tír mura ngníomhaítear.

**Around the Fire with Owen Colgan (Episode 2: The Climate Crisis - I'm Sick Of It, Are You?)**

Téann réalta *Young Offenders* Demi Isaac Oviawe i mbun oibre le Owen Colgan. Le chéile téann siad i ngleic leis an nGéarchéim Aeráide, tá teachtaireacht phearsanta ag Demi do Elon Musk agus faighimid amach cad a tharlaíonn nuair a dhéanann tú dearmad ar do KeepCup.

**The Summer Show**

Léirítear míreanna den dúlra, den fhiadhúlra agus den chomhshaol in *The Summer Show*, á chur i láthair ag Derek Mooney agus Nuala Carey.

## Ar RTÉ.ie

**rte.ie/climate**

TIs suíomh tiomnaithe RTÉ í an rannóg aeráide ar RTE.ie do chúrsaí athraithe aeráide, nuacht agus gnéithe, agus áirítear leis tuairiscí nuachta agus gearrthóga, chomh maith le rannóg a bhaineann le dearcadh na hEorpa trí chomhpháirtíocht RTÉ le EBU.

Idir Márta 2021 - Márta 2022, foilsíodh níos mó ná 560 alt faoin athrú aeráide ar rte.ie, agus d'fhéach beagnach 17.5 milliún duine orthu.

## Ar RTÉ.ie

**rte.ie/brianstorm**

Foilsíonn *RTÉ Brainstorm* ailt agus scéalta a bhaineann leis an aeráid ag https://www.rte.ie/brainstorm/climate-change/. Foilsítear alt amháin ar a laghad ar théama na haeráide gach seachtain agus cruthaítear ábhar téamúil chun tacú le tionscnaimh amhail Seachtain na hEolaíochta ar RTÉ.

**rte.ie/learn**


Is acmhainn thiomnaithe é *RTÉ Learn* do mhúinteoirí agus d'oideoirí a léiríonn réimse éagsúil d'ábhar oideachais ó gach cuid de RTÉ, atá oiriúnach don fhoghlaim fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil araon. Chun an chéad ghlúin eile de ghníomhaithe aeráide a spreagadh, díríonn *RTÉ Learn* agus *RTÉ Young People* ar go leor saincheisteanna a bhaineann le hathrú aeráide. Foilsítear ailt go seachtainiúil, agus go minic gach lá.

Foilsíonn *RTÉ Learn* ábhar tábhachtach freisin ar nós eipeasóidí de *Ecolution* (féach thíos) nó *The Kids Are All Right!*, podchraoladh meabhairshláinte Raidió RTÉ do dhaoine óga.

**Our Climate Heroes**

Tugann *Our Climate Heroes* léargas dúinn ar na daoine atá ag obair chun an comhshaol a chosaint agus chun dul i ngleic leis an athrú aeráide. Cé go dtagann na daoine seo ó gach gné den saol, tá cuspóir coiteann acu chun feabhas a chur ar an domhan mórthimpeall orainn. Reáchtáladh an tsraith mhór dhigiteach seo le linn 2022 ar fad, agus rinneadh gach ceann de na 50 tuarascáil a thaifeadadh agus a chur in eagar ar fhóin phóca, agus sroicheadh lucht féachana ar ardáin dhigiteacha agus meán sóisialta.

## Ar Raidió agus Podchraoltaí







***Hot Mess* - Le Philip Boucher-Hayes**

Léiríonn an tsraith raidió seo a craoladh le linn COP26 an bhearna idir an méid a deir daoine a dhéanfaidh siad agus an méid a dhéanann siad i ndáiríre chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim aeráide. Díríonn an clár, atá scríofa go maith agus an-taighde déanta lena haghaidh, aird an duine ar ábhair chasta an-teasaí, mar shampla conas a rachaidh laghdú astaíochtaí ó thalmhaíocht i bhfeidhm ar fheirmeoirí aonair. Trí chomhrá socair, déantar fiosrúchán sa tsraith ar na fórsaí a stopann muid ó bheith ag gluaiseacht níos tapúla chun aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide, agus dírítear aird ar sheifteanna cumhachta nach bhfeictear go minic.

Is é Philip láithreoir *Countrywide* chomh maith, clár a chlúdaíonn saincheisteanna aeráide agus bithéagsúlachta chomh maith lena bpríomhfhócas ar shaincheisteanna a bhaineann le feirmeoireacht agus talmhaíocht.

**Ecolution**

Is podchraoladh a bhfuil duaiseanna buaite aige é Ecolution atá ann do pháistí ar mian leo difríocht a dhéanamh agus dul i ngleic leis an athrú aeráide. Is podchraoladh é Ecolution ina ndéantar iarracht ciall a bhaint as an nuacht is deacra riamh trína chur in iúl do pháistí go gcloistear iad. Agus go bhfuil comhghuaillithe acu. I ngach áit. Tá 68 eipeasóid ar fáil.

**The Met Éireann Podcast (22 eipeasóid)**

Táimid gafa leis an aimsir in Éirinn, ach an dtuigimid an chaoi a ndéantar réamhaisnéis aimsire, cad a théann i bhfeidhm uirthi agus an tionchar a bhíonn ag aeráid dhomhanda atá ag athrú ar an aimsir ar fud an domhain. Gach mí, tumann *Podchraoladh Met Éireann* go domhain isteach sna hábhair sin.

**The Kids Are All Right!**

**10 n-eipeasóid ó phodchraoladh RTÉjr (lena n-áirítear 2 eipeasóid What Can I Do About Climate Change?)**

Is podchraoladh meabhairshláinte de chuid RTÉjr Radio é T*he Kids Are All Right!* do dhaoine óga. In eipeasóid speisialta dhá chuid labhraíonn Ellen Hegarty, Gníomhaí Aeráide agus Ambasadóir Aeráide Taisce, linn faoin Athrú Aeráide agus míníonn sí an difríocht idir téamh domhanda, athrú aeráide, truailliú sna farraigí, géarchéim na bithéagsúlachta agus truailliú plaistigh.

**Nature Nights**

Ceiliúradh seachtaine is ea *Nature Nights* ar RTÉ Radio 1 maidir leis an dúlra agus an bhithéagsúlacht in Éirinn, na daoine a thugann a saol chun staidéar agus cosaint a dhéanamh ar an domhan nádúrtha, agus na healaíontóirí ar ábhar inspioráide dá saothar é tírdhreach na hÉireann agus ag na hainmhithe a mhaireann ann.

## Ar Raidió agus Podchraoltaí



### Mooney Goes Wild
Déanann Terry Flanagan ceiliúradh ar cheann de na hainmhithe oíche is ansa le muintir na hÉireann, an Scréachóg Reilige, agus fiosraíonn sé iarrachtaí caomhnaithe na sealgairí oíche is fearr seo.

### Custodians of Ireland
Ag bun Chnoc Maol Réidh in Iarthar Mhaigh Eo, déanann an t-éaneolaí, an tOllamh David Cabot machnamh ar os cionn 60 bliain ag obair mar éiceolaí agus tugann sé léargas ar shaol níos inbhuanaithe agus níos suaimhní.

### Custodians of Ireland
Ar thrá Cheathrú an Uisce i gcontae Mhaigh Eo, labhraíonn an Dr. Catherine Farrell, Bainisteoir Tionscadail LIFE on Machair, faoi na gnéithe an-speisialta de ghnáthóg neamhchoitianta mhachaire – agus cad is gá a dhéanamh lena chur ar ais i mbarr áilleachta..

### Brother Sun, Sister Moon
Léann an t-údar John Connell, an file Jane Clarke agus an feachtasóir timpeallachta Lorna Gold óna saothar féin agus óna scríbhinní clasaiceacha ar théamaí an dúlra agus déanann siad machnamh ar an gcaoi a leanann an domhan nádúrtha – agus an bhagairt ó athruithe aeráide – orthu ag spreagadh ealaíontóirí agus gníomhaithe.

### Seascapes
Fiosraíonn *Seascapes* tionscadal chun dumhcha gainimh a chosaint ar cheann de na láithreacha cósta is gnóthaí i mBaile Átha Cliath, Trá an Choinicéir, agus téitear ag cuardach raice i gcontae Chiarraí.

## 2023 agus ina dhiaidh sin

I measc na gclároacha atá le teacht a bhfuil baint acu le Stair an Dúlra agus an Fiadhúlra, tá *North Atlantic*, sraith trí chuid ó Seafever Productions [Ken O'Sullivan] ina mbreathnaítear ar an tábhacht atá le farraigí na hÉireann agus an iliomad speiceas a mhaireann iontu. Craolfar an tsraith seo ar RTÉ 1 agus déanfar é a shruthú ar RTÉ Player níos deireanaí i mbliana.

Is sraith trí uair an chloig é *Ireland's Island Wildlife* ó Crossing The Line films, arna chur i láthair ag Eoin Warner, a fhéachann ar an bhfiadhúlra ar oileáin na hÉireann agus timpeall orthu. Tá teachtaireacht thromchúiseach bithéagsúlachta ina príomhchuid den tsraith seo: in eipeasóid a hAon, cuir i gcás, tá an crotach, an giorria sléibhe Éireannach agus an easóg ann, agus iad go léir i mbaol a ndíothaithe faoi láthair. Tá an tsraith seo comhléirithe le ARTE, Blue Ant Media agus tá tacaíocht faighte aici ó BAI agus Alt 481 agus craolfar í ar RTÉ 1 chomh maith le hí a shruthú ar RTÉ Player níos déanaí i mbliana.

I láthair na huaire féachann *Stories From The Kingdom*, sraith staire nádúrtha dhá chuid, ar leagan amach fisiciúil uathúil Chontae Chiarraí, ar thalamh tirim agus faoi uisce.

Mar chuid de Sheachtain na hEolaíochta i mí na Samhna 2023, beidh clár faisnéise aeráide nua amháin ann, chomh maith le gnéphíosa imeachtaí tosaigh le Mark Little a fhéachann ar an todhchaí agus ar Éirinn nach bhfuil a spriocanna astaíochtaí bainte amach aici mar atá leagtha amach di. Is sraith ghríosaitheach, dírithe ar an todhchaí í seo atá suite in 2050.

Déanfaidh *The Coastal Atlas of Ireland*, a léiríodh i gcomhar le UCC, ceiliúradh ar chósta na hÉireann agus fiosróidh sé an chaoi a bhfuil freagrachtaí ollmhóra orainn mar náisiún ár bhfarraigí agus ár gcósta a chosaint, agus ina dhiaidh sin go mbeidh buntáistí móra ag baint le cumhacht tonnta, taoide agus gaoithe a mbeifear in ann leas a bhaint astu. Tacaíonn an BAI leis an tsraith ardphróifíle trí chuid seo agus craolfar agus sruthófar í in 2024.

Beidh sraith faisnéise arna chur i láthair ag Philip Boucher Hayes le craoladh in 2024 freisin ina bhféachfar ar bheartais agus spriocanna aeráide na hÉireann, comparáidí idirnáisiúnta agus réitigh fhéideartha.

# Aguisíní





# Aguisín A: Polasaí Bainistithe Fuinnimh

RTÉ

## Energy Policy

**October 2020**

As an organisation and individually, RTÉ are committed to managing our energy consumption and continuously improving our energy management system. Our energy management objective is to measure and understand our energy consumption in all its forms, to understand the drivers of that consumption and to provide employees, contractors and interested stakeholders with the necessary awareness, education and training to implement our energy objectives.

RTÉ commits to these objectives by:

- Setting realistic objectives and targets for each of our areas of significant energy consumption in line with Ireland's National Energy Efficiency Action Plan
- Ensuring the availability of information and resources to effectively deliver improvement processes
- Taking a commitment to ensuring that all legal and other requirements are adhered too.
- Encourage the procurement of energy-efficient products and services, and design for energy performance improvement
- Communicating our Energy Management Policy and relevant procedures to employees, suppliers, contractors and other stakeholders
- Regularly reviewing the Energy Policy and integrating our Sustainability and Energy Management Systems

Dee Forbes
Director General

Date

Rev: A.01
Originator: James McConnologue
Approver: Troy Bannon
Date: 3/10/20

# Aguisín B: Polasaí maidir le hInbhuanaitheacht Chomhshaoil

RTÉ

## Environmental Policy

RTÉ is Ireland's national public-service media organisation. At its heart RTÉ is a creative organisation, making and commissioning a broad range of high-quality programming and content to meet the needs of multiple audiences.
Mindful of its public service obligations in all regards, RTÉ has a responsible environmental policy, which enshrines the following principles:

**Commitment**: Consistent with our values we are fully committed to high standards of resource management with an increasing focus on sustainability. RTÉ is committed to continual environmental improvement by carrying out our activities in an environmentally responsible and compliant manner.

**Working together:** RTÉ will inform and motivate all its staff and encourage them to play an active role in the delivery of its environmental goals. RTÉ will provide training and awareness as required and promote best practice. RTÉ will work closely with suppliers and customers towards taking an integrated approach to the delivery of the stated environmental policy aims.

**Working in harmony with the environment and the community:** RTÉ will continue to work with the local community by driving environmental initiatives on-site and encouraging local environmental initiatives and reporting on environmental issues of public interest.

**Continuous improvement:** Through its Environmental Advisory Group process RTÉ will set specific improvement targets, monitor progress and communicate results internally and externally where relevant.

**To apply best practice standards in property management:** RTÉ will continue to engage in continuous improvement as regards its property management. RTÉ will construct, refurbish and manage its buildings in a manner that will reduce the associated environmental impacts and be sympathetic to the external surroundings.

**Energy and water consumption:** Water and energy consumption will be monitored on a continuous basis with an ongoing commitment to deliver maximum efficiencies through best practices.

**Transport:** RTÉ will monitor its travel and transport and is committed to reducing its impact on the environment through the promotion and encouragement of sustainable options for business travel and commuting. Where possible, RTÉ will apply and promote sustainable transportation of goods and services with all its stakeholders.

**Climate change** RTÉ's commitment to energy, water and transport will ensure that greenhouse gas emissions will continue to be targeted for reduction in line with national and international agreements to minimise our impact on climate change. RTÉ will prepare its business to deal with the impacts of climate change by understanding these risks and opportunities.

**Procurement:** Environmental impact and environmental criteria will be considered when developing tender processes.

**Waste management:** RTÉ will continue to promote, develop and implement waste prevention, reduction, re-use and recycling on-site in a systematic and cost effective manner. RTÉ will use appropriately regulated waste management contractors to ensure safe management of waste in accordance with legislation and also best environmental practice.

**Biodiversity:** RTÉ will maximise all opportunities to promote a conservation and protection ethos towards the environment, respect for the landscape and the importance of protecting Ireland's natural heritage and ecosystems.

**Pollution control:** RTÉ is committed to minimising the risk of pollution and adopting best practice standards on this issue.

**Annual Review:** This policy will be reviewed once a year and feedback is sought and welcomed in the context of policy changes conducive to continuous improvement.

Dee Forbes - Director General

16/9/19
Date

Rev. A.01
Originator: Eileen Duggan
Approver: Troy Bannon
Date: 06/09/19

Raidió Teilifís Éireann
Baile Átha Cliath 4, Éire.

RTÉ
Dublin 4, Ireland.

**T:** +353 1 208 3111
**F:** +353 1 208 3080

**E:** info@rte.ie
www.rte.ie

twitter.com/rte
linkedin.com/company/rte